Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14988/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0392(NLE)**

**AELE 40**
**EEE 37**
**N 93**
**ISL 52**
**FL 31**
**MI 935**
**CLIMA 530**
**ENV 1232**
**ENER 594**
**TRANS 471**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 696 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE (ETS Muirí agus Suite) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 696 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 696 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2023
COM(2023) 696 final

2023/0392 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(ETS Muirí agus Suite)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA
GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i ndáil leis an gCinneadh ón gComhchoiste atá sé beartaithe a ghlacadh maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('*Comhaontú LEE*') ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach le haghaidh saoránaigh agus oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir le cuimsiú reachtaíochta de chuid an Aontais lena gcumhdaítear na ceithre shaoirse ar fud 30 Stát LEE, mar atá Ballstáit an Aontais, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Ina theannta sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, réimsí a dtugtar beartais '*tionlacain agus chothrománacha*' orthu i dteannta a chéile. Tháinig Comhaontú LEE i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí i gComhaontú LEE é an tAontas in éineacht lena Bhallstáit.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a dhéanann sé a chuid cinntí agus bíonn siad ina gceangal ar na Páirtithe. Is í Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Tá coinne leis go nglacfaidh Comhchoiste LEE Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ('*an gníomh atá beartaithe*') maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe Rialachán (AE) 2023/957 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 a ionchorprú i gComhaontú LEE chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha eile long[1], Treoir (AE) 2023/959 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus Cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a oibriú le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa[2], Cinneadh (AE) 2023/852 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a

[1] Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105.

[2] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú

bhaineann le líon na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais go dtí 2030[3], agus Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún maidir le cainníocht na lamháltas uile-Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2024[4].

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cuireann an Coimisiún an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar sheasamh an Aontais. Nuair a ghlacfar é, ba cheart an seasamh a chur i láthair a luaithe is féidir i gComhchoiste LEE.

Leis an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo, déantar foráil maidir le clásal sonrach athbhreithnithe a bhaineann le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE a chur i bhfeidhm agus, go dtí go bhfaighfear toradh an athbhreithnithe sin, ní bheidh feidhm ag rialacha ceada agus faireacháin Chaibidil IVa maidir le Lichtinstéin. Téann sé sin thar an méid ar féidir a mheas nach bhfuil ann ach oiriúnuithe teicniúla de réir bhrí Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle[5]. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a bhunóidh seasamh an Aontais.

Tá údar leis an oiriúnú sin mar gheall ar chúinsí sonrach Lichtinstéin, óir tá conradh déthaobhach ag Lichtinstéin leis an Eilvéis agus de réir an chonartha sin ar an gcéad dul síos socraíonn sí an cháin ar $CO_2$ ar an leibhéal céanna le cáin na hEilvéise ar $CO_2$ (is é son €120 in aghaidh an tona $CO_2$ faoi láthair) agus, ar an dara dul síos, leagann sí síos gurb iad údaráis na hEilvéise a riarann an cháin ar $CO_2$ go huile is go hiomlán, lena n-áirítear bailiú cánach ag an teorainn idir Lichtinstéin agus an Ostair, agus gur eintitis Eilvéiseacha a íocann í. Tá sé sin amhlaidh toisc go dtagann an seachadadh breosla ar fad ón Eilvéis, agus go ndéanann eintitis na hEilvéise an stóráil breosla. Dá bhrí sin, déantar athbhreithniú a bhaineann go sonrach le Lichtinstéin ar feadh ré an mhaolaithe um tabhairt suas ETS2, i gcás ina mbeidh cánacha náisiúnta ar charbón níos airde go héifeachtach ná an praghas ETS2 tráth an chéad Chinnidh eile ón gComhchoiste maidir le leasuithe ar Threoir 2003/87/CE a ionchorprú. Tá coinne leis sin tar éis athbhreithniú táscach mhí Iúil 2026 ar Threoir 2003/87/CE a leagtar amach in Airteagal 30. Sula dtiocfadh an Cinneadh sin ón gComhchoiste i bhfeidhm, ní bheadh feidhm maidir le Lichtinstéin ag na forálacha ceada, faireacháin agus tuairiscithe d'eintitis rialáilte.

---

agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.

[3] Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le líon na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030, IO L 110, 25.4.2023, lch. 21.

[4] Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2023 maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024 (IO L 192, 31.7.2023, lch. 30).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar creat institiúideach an chomhaontaithe nó lena leasófar é*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha ... a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[6].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é. Dá bhrí sin, is é an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle, is ar bhunús dlí substainteach ghníomh dlí an Aontais atá le hionchorprú i gComhaontú LEE a bhraitheann sé go príomha.

Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh- chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh- chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Ós rud é go ndéantar Rialachán (AE) 2023/957, Treoir (AE) 2023/959, Cinneadh (AE) 2023/852 agus Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún a ionchorprú i gComhaontú LEE leis an gCinneadh ón gComhchoiste, is iomchuí an cinneadh seo ón gComhairle a bhunú ar an mbunús dlí substainteach céanna agus atá ag na gníomhartha atá á n-ionchorprú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

---

[6] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.3. Conclúid

Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle, sin iad ba cheart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE leis an ngníomh ó Chomhchoiste LEE, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2023/0392 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE

## (ETS Muirí agus Suite)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[7], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[8] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Ba cheart Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún[12] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

---

7 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

8 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

9 Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105.

10 Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.

11 Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le líon na lamháltas atá le cur i gcúlchiste

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030, IO L 110, 25.4.2023, lch. 21.

[12] Cinneadh (AE) 2023/1575 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2023 maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024 (IO L 192, 31.7.2023, lch. 30).